Bruitíneach, Leicneach agus Bruitíneach Dhearg
Trí ghalar, vacsaín amháin!

Cosaint 3-in-1

Cosnaíonn an vacsaín MMR in aghaidh 3 ghalar atá an-tógálach: bruitíneach, leicneach agus bruitíneach dhearg.



Maidir leis an vacsaín

Is í an vacsaín MMR an bealach is éifeachtaí chun bruitíneach, leicneach agus bruitíneach dhearg a chosc, agus na hiarmhairtí tromchúiseacha a d'fhéadfadh a bheith acu. Tá an vacsaín sábháilte, agus níl mórán fo-iarmhairtí luaite léi.

Conas a oibríonn an vacsaín?

Cuireann an vacsaín MMR oiliúint ar chóras imdhíonachta do linbh chun galair a chomhrac trína n-antasubstaintí sonracha a tháirgeadh.

Cén uair is féidir le mo leanbh an vacsaín MMR a fháil?

Tugtar an vacsaín in **2 dháileog**. Braitheann an t-uainiú ar an sceideal vacsaínithe i do thír féin, mar sin seiceáil le do dhochtúir teaghlaigh.

Ná fan—déan teagmháil le do sholáthraí cúraim sláinte chun vacsaíniú MMR do linbh a phlé inniu!

Scan an cód QR chun tuilleadh eolais a fháil ar Thairseach Faisnéise an Aontais um Vacsaíniú

vaccination-info.europa.eu/en

TAIRSEACH FAISNÉISE EORPACH MAIDIR LE VACSAÍNIÚ
Tionscnamh de chuid an Aontais Eorpaigh